



An Roinn Leanaí  
agus Gnóthaí Óige  
Department of Children  
and Youth Affairs

## **Treoir maidir le hincháilitheacht le haghaidh cúram leanaí d'athoscailt chéimnithe Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile**



## **Treoir maidir le hincháilitheacht le haghaidh cúram leanaí d'athoscailt chéimnithe Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile**

### Treoir maidir le hincháilitheacht le haghaidh cúram leanaí

Ceadaíonn Treochlár an Rialtais chun an tSochaí agus an Ghnó a Athoscailt d'athoscailt chéimnithe seirbhísí Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus seirbhísí Cúram Leanaí ar Aois Scoile, lena n-áirítear feighlithe leanaí, ón 29 Meitheamh. Cé gur tugadh le fios sa Treochlár ar dtús nach mbeidh ach seirbhísí ar fáil do leanaí oibrithe riachtanacha, tá sé seo athraithe anois.

Pointe tábhachtach is ea gur gnóthaí príobháideacha iad seirbhísí Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus seirbhísí Cúram Leanaí ar Aois Scoile, agus ó tharla go bhfuil an incháilitheacht le haghaidh seirbhísí forbartha sa Treochlár seo, is faoin soláthraí seirbhíse atá sé áiteanna a leithdháileadh. Tá an treoir seo á cur ar fáil chun tacú le soláthraithe seirbhíse leithdháileadh áiteanna a bhainistiú nuair a athosclaítear seirbhísí sa chás go bhfuil níos mó éilimh ná áiteanna.

Ar son leas is fearr an linbh agus na dteaghlach, ba cheart go mbeadh leanaí, chomh fada agus is féidir, in ann filleadh ar an tseirbhís a raibh siad ag freastal uirthi roimh COVID-19. Tá seirbhís a bhfuil tairbhe á baint acu as an Scéim Shealadach Fóirdheontais Tuarastail Cúram Leanaí (Temporary Wage Subsidy Childcare Scheme ,TWSCS) faoi cheangal conarthach áiteanna a choimeád do theaghlaigh a raibh na háiteanna seo in úsáid acu roimh COVID-19, go dtí go n-athosclaíonn na seirbhísí. Baineann buntáistí suntasacha do leas agus forbairt an linbh trí nasc lena soláthraithe Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile roimh COVID-19 a chothabháil.

Má tá acmhainní breise ag seirbhís, féadfaidh siad teaghlaigh nua a chlárú nár úsáid an suíomh roimhe seo, ar bhonn fadtéarmach nó gearrthéarmach ag brath ar acmhainní na seirbhíse.

Mura bhfuil ach acmhainní teoranta ar fáil, iarrtar ar sheirbhísí tús áite a thabhairt do leanaí oibrithe sláinte agus cúraim shóisialta agus oibrithe túslíne eile, más féidir. Chomh maith leis sin, moltar do sheirbhísí tacú le:

- leanaí leochaileacha atá ag fáil urraíochta faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (NCS) agus leanaí atá á maoiniú trí scéimeanna leagáide cúram leanaí atá ag déileáil le bochtaineacht, míbhuntáiste nó saincheisteanna a bhaineann le leas leanaí;
- leanaí atá faoi mhíchumas a d'fhreastail ar fhoghlaim agus cúram luath-óige ar bhonn páirtaimseartha nó lánaimseartha roimhe seo, lena n-áirítear leanaí atá ag ullmhú chun freastal ar an scoil den chéad uair i mí Mheán Fómhair; agus
- leanaí a dteastaíonn rochtain ar chúram leanaí óna dtuismitheoirí ionas gur féidir leo filleadh ar an obair, lena n-áirítear leanaí cleachtóirí cúraim leanaí.